C/2026/5437

20.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5437)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Les Garrigues'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0070-AM01 — 27.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Les Garrigues'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Roinn Talmhaíochta, Beostoic, Iascaigh agus Bia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Tá an leasú incháilithe mar leasú caighdeánach toisc nach ndéanann na hathruithe formheasta aon difear don ainm faoi chosaint ná don nasc leis an gcomhshaol, ná ní chuirtear srianta breise ar thrádáil an táirge dá mbarr.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' (roinn B den tsonraíocht táirge). Ceartú earráide i bparaiméadar K270

Tuairisc

Ceartú earráide i bparaiméadar K270, ina luaitear 0.1 faoi láthair ach ar cheart 0.15 a bheith ann, is é sin an dara deachúil a chur leis.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Feabhas a chur ar fhoclaíocht na roinne maidir leis an modh táirgthe (roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Feabhas a chur ar an bhfoclaíocht maidir leis an am feithimh le haghaidh na muilleála, agus an t-am feithimh sin a choinneáil ag 48 n-uair an chloig ar a mhéad tar éis na buana.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An tréimhse bhailiúcháin a thabhairt cothrom le dáta sa roinn maidir leis an nasc leis an gcomhshaol (Roinn F den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

An tréimhse bhailiúcháin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le forbairtí a bhaineann le héifeachtaí an athraithe aeráide.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Foclaíocht na roinne maidir leis an údarás cigireachta a shimpliú (Roinn G den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

An fhoclaíocht a shimpliú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lógó ATFC a thabhairt cothrom le dáta

Tuairisc

An lógó a nuashonrú i gcomhréir leis an dearadh atá ann faoi láthair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' (roinn B den tsonraíocht táirge). An uasteorainn bogthaise iarmharaí a athrú

Tuairisc

Leasaíodh an uasteorainn taise iarmharaí go dtí méid nach mó ná 0,2 %, agus é mar aidhm an paraiméadar sin a chur in oiriúint don inathraitheacht nádúrtha a bhreathnaítear idir blianta éagsúla barr olóige.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' (roinn B den tsonraíocht táirge). Foclaíocht na tuairisce ar thréithe orgánaileipteacha

Tuairisc

Dréachtaíodh an tuairisc orgánaileipteach ar bhealach níos iomchuí, gan aon athrú substaintiúil a bheith i gceist.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Les Garrigues'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0070-AM01 — 27.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Les Garrigues'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

1509 20 – Ola olóige úríon

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ola olóige íon nó ola olóige úríon a fhaightear ó thorthaí an chrainn ológ (*Olea europea L*) de na cineálacha Arbequina agus Verdiell trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta meicniúla nó modhanna fisiceacha eile nach modhnaíonn an ola ná saintréithe na dtorthaí óna bhfaightear í.

Ní mór na hológa a bheith ar cheann de na cineálacha údaraithe (Arbequina and Verdiell), a bhuantar go díreach ón gcrann nuair a shroicheann siad an leibhéal aibíochta chun na holaí saintréitheacha a fháil. Is é an cineál Arbequina an cineál is mó sa limistéar táirgeachta, agus cumhdach níos mó ná 90 % aige.

Ní mór na sonraíochtaí anailíseacha seo a leanas a bheith ag olaí a bhaineann leis an ainmniúchán seo:

Aigéadacht	Níos lú ná 0,5 (% aigéad oiléach)
Luach sárocsaíde	Nach mó ná 15 (meq O_2/kg ola)
K270	Uasráta 0,15
Bogthaise	Nach mó ná 0,2 %
Eisíontais	Nach mó ná 0,1 %

Maidir leis na tréithe orgánaileipteacha, tá torthaíocht idir éadrom agus láidir ar na hológa a bhféadfadh roinnt searbhais nó spíosraitheachta a bheith orthu chomh maith.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh, lena n-áirítear an phacáistíocht, a dhéanamh sa limistéar geografach a dtugtar achoimre air i bpointe 4.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an táirge a phacáistiú ag an bhfoinse. Is é is aidhm shoiléir don cheanglas sin cáilíocht agus barántúlacht an táirge a chosaint ar bhealach níos fearr agus, mar thoradh air sin, cáil an Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint a chosaint ar bhealach níos fearr. Na seiceálacha is gá a dhéanamh chun cáilíocht an táirge a ráthú, is deacair iad a dhéanamh go héifeachtach lasmuigh den limistéar táirgeachta.

Ní mór an ola a tháirgeadh i muilte cláraithe faoi mhaoirseacht cigirí údaraithe.

Ní mór an ola a stóráil agus a phacáistiú i monarchana suite sa limistéar táirgeachta. Ní mór na gléasraí sin na coinníollacha seanbhunaithe a chomhlíonadh agus a bheith cláraithe roimh ré.

Bíonn an táirge faoi réir tástála fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a ráthóidh a cháilíocht.

Ní fhéadfar ach ola ar éirigh léi dul tríd na seiceálacha uile ar fud an phróisis a phacáistiú agus a mhargú, agus lipéad nó lipéad deimhniúcháin uimhrithe air arna eisiúint ag an ATFC lena ndeimhnítear a tionscnamh.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is é an limistéar táirgeachta an limistéar ina ndéantar an táirge a phróiseáil agus a phacáistiú.

Feidhm den táirgeacht ola olóige agus d'acmhainneacht na pacáistíochta ina gcuirfear an táirge ar an margadh a bheidh sa líon lipéad tánaisteach a eiseofar le haghaidh deimhniúcháin.

Ní mór lipéid tráchtála gach cuideachta cláraithe a bheith formheasta ag an mBord Rialála.

Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas a bheith ar an lipéad: 'Denominación de Origen Protegida Les Garrigues'.

Ní mór séala ráthaíochta, lipéid nó lipéid thánaisteacha arna n-uimhriú agus arna n-eisiúint ag an mBord Rialála agus arna ngreamú ag an stóras cláraithe, ag an muileann cláraithe nó ag an ngléasra pacáistithe cláraithe a bheith ar aon chineál pacáistíochta ina seoltar ola chosanta lena tomhailt, i bhfoirm a chuireann cosc ar aon athúsáid.

5. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá limistéar táirgeachta na n-olaí atá faoi chosaint ATFC Les Garrigues suite i ndeisceart chúige Lleida lena gcuimsítear ceantair Les Garrigues, El Segrià agus L'Urgell.

Is iad seo a leanas na críocha bardasacha atá suite sna ceantair sin:

Ceantar Les Garrigues: L'Albagés, L'Albi, Arbeca, Bellaguarda, Les Borges Blanques, Bovera, Castelldans, Cervià de les Garrigues, El Cogul, L'Espluga Calba, La Floresta, Fulleda, Granyena de les Garrigues, La Granadella, Juncosa, Juneda (suas go dtí an bóthar ó Lleida go Tarragona), Els Omellons, La Pobla de Cérvoles, El Soleràs, Tarrés, els Torms, El Vilosell, Vinaixa.

Ceantar de El Segrià: Aitona, Alcanó, Alcarràs, Alfés, Almatret, Aspa, La Granja d'Escarp, Llardecans, Maials, Massalcoreig, Sarroca de Lleida, Seròs, Soses, Sunyer (suas go dtí canáil Seròs), Torrebesses, Torres de Segre.

Ceantar L'Urgell: Belianes, Ciutadilla, Guimerà, Maldà, Nalec, Els Omells de Na Gaia, Sant Martí de Riucorb, Vallbona de les Monges, Verdú.

6. Nasc leis an limistéar geografach

Achoimre ar an nasc

Is é an limistéar táirgeachta an limistéar ina ndéantar an táirge a phróiseáil agus a phacáistiú.

Saothrú, bailiú agus táirgeadh faoi mhaoirseacht.

Eastóscann oibreoirí/gléasraí cláraithe an ola ó ológa de chineálacha údaraithe – Arbequina (an príomhchineál arb é a úsáidtear in 90 % den ola) agus Verdiell – ó gharráin ológ chláraithe, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialála.

Eastósctar an ola ó ológa glana sláintiúla trí úsáid a bhaint as teicnící nach mbaineann ó shaintréithe an táirge.

Ithreacha aolchloiche atá scaoilte go nádúrtha. Aeráid na Meánmhara lena mbaineann tionchair ilchríochacha.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agricultura.gencat.cat/web/.content/al_alimentacio/al02_qualitat_alimentaria/normativa-dop-igp/plecs-vigor/plec-vigor-DOP-Les-Garrigues-2026-consolidat.pdf